Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Márta 2024
(OR. en)

7460/24
ADD 1

LIMITE

AELE 18
EEE 12
ISL 11
N 19
FL 13
EF 96
ECOFIN 288

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0055(NLE)**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 103 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE (Ceanglais stuamachta agus urrúsú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 103 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 103 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 5.3.2024
COM(2024) 103 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Ceanglais stuamachta agus urrúsú)**

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE**

PUBLIC

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[2], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán (AE) 2021/557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2402 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19[3], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán (AE) 2021/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar an gcreat urrúsaithe chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19[4], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1221 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2018 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, a mhéid a bhaineann le ríomh na gceanglas caipitil rialála maidir le hurrúsuithe agus urrúsuithe simplí, trédhearcacha caighdeánaithe arna sealbhú ag gnóthais árachais agus athárachais[5], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

---

[1] IO L 347, 28.12.2017, lch. 1.
[2] IO L 347, 28.12.2017, lch. 35.
[3] IO L 116, 6.4.2021, lch. 1.
[4] IO L 116, 6.4.2021, lch. 25.
[5] IO L 227, 10.9.2018, lch. 1.

(6) Agus iad ag sainmhíniú cé na tíortha a bheidh ar an liosta de dhlínsí neamh-chomhoibríocha ina reachtaíocht náisiúnta féin, tabharfaidh Stáit CSTE lánaird ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.

(7) Ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 1 (Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), 30 (Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), 31bb (Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), agus 31bc (Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32017 R 2402**: Rialachán (AE) Uimh. 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).'

2. Leasaítear pointe 1b (Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún) mar a leanas:

   (i) cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach:

   **32018 R 1221**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1221 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2018 (IO L 227, 10.9.2018, lch. 1).'

   (ii) athuimhrítear oiriúnuithe (b) agus (c) mar oiriúnuithe (d) agus (e).

   (iii) cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach:

   '(b) In Airteagal 178a, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

   (i) i míreanna 1 agus 4, is 'dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' a léifear in ionad na bhfocal 'an 1 Eanáir 2019'.

   (ii) i míreanna 1 go 4, is 'an lá roimh dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' a léifear in ionad na bhfocal 'an 31 Nollaig 2018'.

   (iii) i mír 3, is 'dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 62/2018 ó Chomhchoiste LEE an 23 Márta 2018' a léifear in ionad na bhfocal 'an 18 Eanáir 2015'.

   (c) In Airteagal 180, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

   (i) i mír 10a, is 'dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' a léifear in ionad na bhfocal 'an 1 Eanáir 2019'.

   (ii) i mír 10a, is 'an lá roimh dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' a léifear in ionad na bhfocal 'an 31 Nollaig 2018'.'

3. Leasaítear pointe 14a (Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar a leanas:

   (i) cuirtear na fleasca seo a leanas isteach:

PUBLIC

‘- **32017 R 2401**: Rialachán (AE) Uimh. 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 1),

**32021 R 0558**: Rialachán (AE) 2021/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 (IO L 116, 6.4.2021, lch. 25).’

(ii) athuimhrítear oiriúnuithe (k) go (r) mar oiriúnuithe (m) go (t).

(iii) cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (j):

‘(k) Sa dara fomhír d’Airteagal 254(3), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, ‘dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]’ a léifear in ionad an fhocail ‘2018’.’

PUBLIC

4. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 3lbj (Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

‘31bk. **32017 R 2402**: Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, agus Rialachán (CE) 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35), arna leasú le:

- **32021 R 0557**: Rialachán (AE) 2021/557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 (IO L 116, 6.4.2021, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) D’ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, maidir leis na téarmaí ‘Ballstát/Ballstáit’ agus ‘údaráis inniúla’, tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis inniúla ar áireamh iontu faoi seach, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

(b) Tagairtí do chumhachtaí an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sa Rialachán, tuigfear go dtagraíonn siad, sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo agus i gcomhréir leis, do chumhachtaí Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE.

(c) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, comhoibreoidh ÚEUM agus Údarás Faireacháin CSTE, malartóidh siad faisnéis agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile chun críocha an Rialacháin, go háirithe sula ndéanfaidh siad aon ghníomhaíocht.

(d) Maidir le cinntí, cinntí eatramhacha, fógraí, iarrataí simplí, cúlghairm cinntí agus bearta eile de chuid Údarás Faireacháin CSTE faoi Airteagail 10(6), 12 agus 15, glacfar iad gan moill mhíchuí, ar bhonn dréachtaí arna n-ullmhú ag ÚEUM ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d’Údarás Faireacháin CSTE.

(e) léifear Airteagal 4(aa), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, mar a leanas: 'an tríú tír mar dhlínse neamh-chomhoibríoch mar a shainmhínítear i reachtaíocht náisiúnta an Stáit CSTE lena mbaineann.'

(f) In Airteagail 8(1), 9(4)(b) agus 29(4), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' a léifear in ionad na bhfocal '1 Eanáir 2019'.

(g) In Airteagal 9, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'Chinneadh Uimh. 125/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Bealtaine 2019' a léifear in ionad na bhfocal 'Treoir 2014/17/AE'.

(h) In Airteagal 10:

(i) i mír 1, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás stór urrúsúchán atá bunaithe i Stát CSTE, le hÚdarás Faireacháin CSTE" tar éis an fhocail 'ÚEUM '.

(ii) i mír 5, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás stór urrúsúchán atá bunaithe i Stát CSTE, d'Údarás Faireacháin CSTE' tar éis na bhfocal 'do ÚEUM '.agus cuirfear isteach na focail 'nó, i gcás stór urrúsúcháin atá bunaithe i Stát CSTE, cuirfidh stór urrúsúcháin ceann díobh seo a leanas faoi bhráid Údarás Faireacháin CSTE' tar éis an fhocail 'faoi bhráid ÚEUM'.

(iii) i mír 6, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEUM'.

(i) In Airteagal 11, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEUM'.

(j) In Airteagal 12, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEUM'.agus cuirfear na focail 'nó ag Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh an fhocail 'ag ÚEUM'.

(k) In Airteagal 13:

(i) i mír 1, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh na bhfocal ÚEUM'.

(ii) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'Cuirfidh ÚEUM agus Údarás Faireacháin CSTE aon chinneadh a ghlacfar i gcomhréir le mír 1 in iúl dá chéile agus don Choimisiún.'

(l) In Airteagal 15:

(i) i mír 1, cuirfear isteach na focail 'nó, i gcás stór urrúsúchán atá bunaithe i Stát CSTE, Údarás Faireacháin CSTE' tar éis an fhocail 'ÚEUM'.

(ii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i mír 2, 'Údarás Faireacháin CSTE' a léifear in ionad an fhocail 'ÚEUM'.

(iii) sa dara habairt de mhír 3, cuirfear isteach na focail 'nó, i gcás stór urrúsúchán atá bunaithe i Stát CSTE, gan dréacht a

ullmhú d'Údarás Faireacháin CSTE chuige sin' tar éis an fhocail 'a tharraingt siar'.

(m) In Airteagal 16(1), cuirfear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

'A mhéid a bhaineann le stórtha urrúsúcháin atá bunaithe i Stát CSTE, gearrfaidh Údarás Faireacháin CSTE táillí ar an mbonn céanna le táillí a ghearrfar ar stórtha urrúsúcháin eile i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2.

Déanfar na méideanna arna mbailiú ag Údarás Faireacháin CSTE i gcomhréir leis an mír seo a chur ar aghaidh chuig ÚEUM gan moill mhíchuí.'

(n) In Airteagal 26e(5)(c)(i), cuirtear na focail 'i gComhaontú LEE' in ionad na bhfocal 'i ndlí an Aontais'.

(o) In Airteagal 29(5), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'laistigh de 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… [an Cinneadh seo] ó Chomhchoiste LEE' a léifear in ionad na bhfocal 'faoin 10 Deireadh Fómhair 2021' agus is 'ar dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… [an Cinneadh seo] ó Chomhchoiste LEE' a léifear in ionad na bhfocal 'an 8 Aibreán 2021'.

(p) In Airteagal 31(4), cuirfear na focail 'agus i gcás gur seolaí é Ballstát CSTE, do Bhuanchoiste Stáit CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'don Chomhairle'.

(q) In Airteagal 35, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'faoin seachtú lá déag tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' a léifear in ionad na bhfocal 'faoin 18 Eanáir 2019'.

(r) In Airteagal 37(7), cuirfear na focail ', Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis an fhocail 'ÚEÁPC'.

(s) In Airteagal 43, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

(i) is 'dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' nó 'dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo], de réir mar a oireann, a léifear in ionad na bhfocal 'an 1 Eanáir 2019' nó 'roimh 1 Eanáir 2019' nó 'ar 1 Eanáir 2019'.

(ii) i míreanna 5 agus 6, is 'an lá roimh dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' a léifear in ionad na bhfocal 'an 31 Nollaig 2018'.

(t) In Airteagal 43a, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'roimh dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo]' a léifear in ionad na bhfocal 'roimh an 9 Aibreán 2021'.'

5. Leasaítear pointe 31eb (Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar seo a leanas:

(i) cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach:

PUBLIC

‘- **32017 R 2402**: Rialachán (AE) Uimh. 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).’

(ii) scriostar oiriúnú (g).

(iii) athuimhrítear oiriúnuithe (h) go (zm) mar oiriúnuithe (g) go (zl).

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2017/2401, (AE) 2017/2402, (AE) 2021/557 agus (AE) 2021/558 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1221 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE a ghabhann le h*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha[6*].

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Na Rúnaithe*
*ar Chomhchoiste LEE*
*[…]*

---

6 * [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]



PUBLIC